Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2024/2676

11.10.2024

**CINNEADH (CBES) 2024/2676 ÓN gCOISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA**

**an 9 Deireadh Fómhair 2024**

**maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/1691 (ATALANTA/3/2024)**

TÁ AN COISTE POLAITIÚIL AGUS SLÁNDÁLA,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 38 de,

Ag féachaint do Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES ón gComhairle an 10 Samhain 2008 maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ([1]), agus go háirithe Airteagal 6(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 10 Samhain 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/851/CBES, lena ndéantar foráil maidir le hoibríocht mhíleata de chuid an Aontais chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA).

(2) De bhun Airteagal 6(1) de Ghníomhaíocht Comhpháirteach 2008/851/CBES, thug an Chomhairle údarú don Choiste Polaitiúil agus Slándála na cinntí a dhéanamh maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh EUNAVFOR ATLANTA ('Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh') a cheapadh.

(3) An 11 Meitheamh 2024, ghlac an Coiste Polaitiúil agus Slándála Cinneadh (CBES) 2024/1691 ([2]), lena gceaptar an Seachaimiréal Manuel ALVARGONZÁLEZ MÉNDEZ ina Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh.

(4) An 30 Iúil 2024, mhol údaráis mhíleata na Portaingéile go gceapfaí an Ceannasóir Armando PEREIRA DA COSTA VALENTE TINOCO i gcomharbas ar an Seachaimiréal Manuel ALVARGONZÁLEZ MÉNDEZ mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh (an 'ceapachán molta') ón 15 Deireadh Fómhair 2024.

(5) An 31 Iúil 2024, thacaigh Ceannasaí Oibríochta an Aontais EUNAVFOR ATALANTA leis an gceapachán molta.

(6) An 5 Lúnasa 2024, thacaigh Coiste Míleata an Aontais leis an gceapachán molta, agus mhol sé go gceapfaí an Ceannasóir Armando PEREIRA DA COSTA VALENTE TINOCO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais ón 15 Deireadh Fómhair 2024.

(7) Ba cheart cinneadh a dhéanamh maidir le ceapachán an Cheannasóra Armando PEREIRA DA COSTA VALENTE TINOCO ina Cheannasaí Fórsa an Aontais.

(8) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2024/1691 a aisghairm,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, ceaptar an Ceannasóir Armando PEREIRA DA COSTA VALENTE TINOCO mar Cheannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh ar oibríocht mhíleata an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA) ón 15 Deireadh Fómhair 2024.

*Airteagal 2*

Leis seo, déantar Cinneadh (CBES) 2024/1691 a aisghairm.

([1]) IO L 301, 12.11.2008, lch. 33.

([2]) Cinneadh (CBES) 2024/1691 ón gCoiste Polaitiúil agus Slándála an 11 Meitheamh 2024 maidir le Ceannasaí Fórsa an Aontais Eorpaigh a cheapadh le haghaidh oibríocht mhíleata de chuid an Aontais Eorpaigh chun rannchuidiú leis an tslándáil mhuirí san Aigéan Indiach Thiar agus sa Mhuir Rua (EUNAVFOR ATALANTA), agus lena n-aisghairtear Cinneadh (CBES) 2024/570 (ATALANTA/2/2024) (IO L, 2024/1691, 13.6.2024, http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1691/oj).

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 15 Deireadh Fómhair 2024.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choiste Pholaitiúil agus Slándála*

*An Cathaoirleach*

D. PRONK